RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/346 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Feabhra 2021

maidir le hullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh gach speicis ainmhithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear d'údarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus don fhoras agus do na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach le húdarú a fháil le haghaidh ullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le hullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí, ullmhóid a aicmeofar i gcatagóir breiseán na "mbreiseán teicneolaíochta".

(4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairim an 1 Iúil 2020 ([2]), faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil tionchar díobhálach ag ullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Chinn sé freisin gur cheart an breiseán a mheas mar íogróir riospráide féideartha, agus nach bhféadfaí teacht ar chonclúidí ar bith maidir leis an íogrú craicinn a dhéanann an breiseán. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin. Chinn an tÚdarás freisin go bhféadfadh an ullmhóid atá i gceist feabhas a chur ar chobhsaíocht aeróbach sadhlais ó ábhar foráiste ina bhfuil ábhar tirim idir 30-70 %. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Rinne sé an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an Saotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.

(5) Léirítear leis an measúnú ar ullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an ngrúpa feidhmiúil 'breiseáin sadhlais', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) EFSA Journal [Iris EPSA], 2020;18(7):6201

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíseach	Speiceas nó catagóir ainmhithe	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					CFU breiseáin/kg d'ábhar úr			
Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa:breiseáin sadhlais								
1k20760	*Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962	**Comhdhéanamh an bhreiseáin:** Ullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 ina bhfuil ar a laghad 5×10^{11} CFU/g breiseáin. Foirm sholadach **Tréithriú na substainte gníomhaí:** Cealla inmharthana *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962. **Modh anailíseach** (2) — Sainaitheantas: Leictreafóiréis ghlóthaí bhíogréimse (PFGE) — Áireamh sa bhreiseán beathaithe: Modh an leata ar phláta le hagar MRS (EN 15787)	Gach speiceas ainmhithe	-	-	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú. 2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é le miocrorgánaigh eile ina mbreiseáin sadhlais: 1×10^8 CFU/kg d'ábhar úr atá éasca agus measartha deacair a shadhlasú (1). 3. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as úsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú.	18.3.2031

(1) Foráiste atá éasca a shadhlasú: > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha ina ábhar úr; foráiste atá measartha deacair a shadhlasú: 1.5-3.0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair, agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1).

(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports